



An Bhruiséil, 27 Feabhra 2023
(OR. en)

6698/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0345(COD)**

**ENV 160
SAN 96
COMPET 132
CONSOM 52
AGRI 80
CODEC 238**

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	14223/22 + ADD 1 - COM(2022) 541 final + Annexes 1 to 8
Ábhar:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú) – Díospóireacht bheartais

D'fhoilligh treoir a thabhairt don díospóireacht maidir leis an togra reachtach thuasluaite ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an gComhairle Comhshaoil an 16 Márta 2023, d'ullmhaigh an Uachtaránacht páipéar cúlra ina bhfuil ceisteanna, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an páipéar cúlra agus na ceisteanna a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle don díospóireacht bheartais thuasluaite.

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóireáil
fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú)**

– Páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hairí –

Cúlra

Tá cáilíocht ár n-aibhneacha, ár lochanna agus ár bhfarraigí san Eoraip rithábachtach don chomhshaol agus do shláinte an duine. Tá uisce glan rithábachtach chun go mbeidh uisce óil sábháilte ann. Tá sé tábhachtach freisin do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, mar shampla, táirgeadh tionsclaíoch, iompar, turasóireacht agus iascaireacht.

Tá fuíolluisce uirbeach ar cheann de na nithe is mó a chuireann le truailliú uisce san Aontas Eorpach. Sainaithníodh trí phríomhshraith saincheisteanna i meastóireacht ar an treoir maidir le fuíolluisce uirbeach, mar atá, an truailliú ó fhoinsí uirbeacha atá fágtha, ailíniú neamhiomlán le huaillmhianta sochaíocha nua agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip, agus leibhéal rialachais neamhleor nó míchothrom. Maidir le truailliú ó fhuíolluisce uirbeach, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur príomhchonairí astaíochtaí uirbeacha iad cathracha beaga, saoráidí cóireála neamhláraithe, caighdeáin atá as dáta sa treoir maidir le cothaithigh atá ann cheana agus truailliú de dheasca báisteach throm. Tá sceitheadh ó mhicreathruailléain ag éirí ina ábhar imní atá ag teacht chun cinn freisin.

Rinneadh anailís sa mheastóireacht freisin ar an acmhainneacht in earnáil an fhuíolluisce chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, rannchuidiú le beartais aeráide agus fuinnimh an Aontais, chomh maith le feabhas a chur ar bhainistiú sloda agus athúsáid uisce chun gur fearr is féidir ailíniú le plan gníomhaíochta an Aontais don gheilleagar ciorclach.

Staid na hoibre sa Chomhairle

An 26 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún a thogra le haghaidh treoir athbhreithnithe maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh. Chuir an Coimisiún an togra uaidh agus an measúnú tionchair a ghabhann leis faoi bhráid na Meithle um an gComhshaol an 4 Samhain 2022.

Go dtí seo, tionóladh cúig chruinniú den Mheitheal um an gComhshaol. I mí Eanáir, faoi Uachtaránacht na Sualainne, cuireadh tús leis an gcéad léamh den togra chun deis a thabhairt do na Ballstáit plé a dhéanamh ar Airteagail 1 go dtí 21 (cé is moite d'Airteagal 12 agus Airteagal 19). Le cruinnithe na Meithle, bhíodhas in ann roinnt soiléirithe a dhéanamh ar an treoir, chomh maith leis an gcéad mhalartú tuairimí idir na Ballstáit maidir leis na hairteagail sin. Bhí an plé sa Mheitheal dearfach cuiditheach. Ar leibhéal ginearálta, tá meon dearfach ag na Ballstáit i leith an togra. Ag an am céanna, tháinig léargais ar roinnt dúshlán a d'eascair as an bplé tosaigh sin.

Ábhair le plé

Chun treoir a thabhairt don obair a dhéanfaidh an mheitheal amach anseo, molann an Uachtaránacht go dtabharfadh an Chomhairle Comhshaoil aghaidh ar na hábhair seo a leanas an 16 Márta.

Leibhéal ginearálta uaimhíne chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú atá fágtha

Chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú fuíolluisce uirbigh atá fágtha, molann an Coimisiún raon feidhme na teorach a leathnú chun ceirtleáin níos lú a chur san áireamh¹. Chuige sin, beidh gá le córais bailiúcháin atá nasctha go hiomlán faoi 2030, lena n-áirítear le haghaidh cóireáil thánaisteach, ach beidh deiseanna ann díolúintí a fháil.

Tá gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh fós ina gconair thábhachtach do sceitheadh cothaitheach as a dtagann eotrófú dobharlach san Aontas. Chun scaoileadh cothaitheach a theorannú a thuilleadh, leagtar amach sa togra oibleagáidí leathnaithe maidir le nítrigin agus fosfar a bhaint trí chóireáil threasach, mar a thugtar uirthi. Cuirfear na ceanglais i bhfeidhm faoi 2040 le spriocanna eatramhacha.

Sainaithníodh micreathruailleáin, amhail iarmhair chógaisíochta, mar fhadhb mhéadaitheach i ndobharlaigh. Dá bhrí sin, áirítear sa togra ceanglais nua maidir le céim chóireála bhreise, i.e. cóireáil cheathartha a dhéileálfadh le raon mór truaileán. Tá sé beartaithe na ceanglais sin a chomhlíonadh faoi 2040 le spriocanna eatramhacha.

¹ Ceirtleáin níos mó ó 1000 CD (coibhéis daonra) seachas 2000 CD mar atá i láthair na huair

Tá sé ráite ag na Ballstáit go mbeidh sé dúshlánach na spriocdhátaí agus na ceanglais atá beartaithe a chomhlíonadh mar gheall ar an am ba ghá chun infheistíochtaí bonneagair a phleanáil. Táthar ag iarraidh freisin go mbeadh solúbthacht ann chun oiriúnú do choinníollacha náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear glaonna chun amchláir a ailíniú le timthriallta pleanála i dtreoracha eile a bhaineann le huisce. Tá inní curtha in iúl ag roinnt Ballstát freisin go bhféadfadh sé nach mbeadh na tairbhí breise comhshaoil a bhaintear amach le hoibleagáidí níos déine maidir le cóireáil threasach agus cóireáil cheathartha níos airde i gcónaí ná costas na cóireála.

Cóireáil micreathruailleán a mhaoiniú

Moltar maoiniú a chur ar fáil chun micreathruailleán a chóireáil go ráithiúil trí scéimeanna éigeantacha um Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora a thabhairt isteach do chuideachtaí a chuireann táirgí cógaisíochta agus táirgí cosmaideacha ar mhargadh an Aontais. Fiú má shainítear na prionsabail is riachtanaí sa togra, fágfar faoi na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta cur chun feidhme praiticiúil na scéime um Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora. Luaitear sa togra freisin nach mór do Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora an costas iomlán a chumhdach (i.e. maidir le cóireáil cheathartha, faireachán agus bailiú staitisticí maidir leis an méid a chuirtear ar an margadh).

Cé go bhfuil cur chuige dearfach ann go ginearálta maidir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur chun feidhme, tá soiléiriú á lorg ag na Ballstáit maidir leis an gcaoi a bhféadfadh scéim um Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora feidhmiú go praiticiúil mar go bhfuil an cineál sin ionstraime nua i gcás na hearnála fuíolluisce uirbigh. Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl maidir le cé acu is nó nach í sin an straitéis maoiniúcháin is iomchuí, agus cé acu ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta is fearr í a chur chun feidhme.

Rannchuidiú le neodracht fuinnimh

Leagtar síos sa togra sprioc neodrachta fuinnimh don earnáil fuíolluisce uirbigh atá le baint amach i ngach Ballstát faoi 2040, agus spriocanna eatramhacha san áireamh. Is é an príomhchuspóir éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, go háirithe ó bhithghás agus ó mhodhanna eile. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, beidh gá, de réir a chéile, le hiniúchtaí fuinnimh a dhéanamh agus a fhorchur ar gach saoráid, idir mheánmhéide agus mhór². Áiritheoidh na Ballstáit freisin go mbeidh táirgeadh bliantúil iomlán an fhuinnimh in-athnuaite ó na saoráidí sin ag teacht lena dtomhaltas fuinnimh iomlán. Ba cheart an sprioc sin a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta faoi 2040, na spriocanna eatramhacha san áireamh.

² Ó 10 000 CD agus os a chionn (ailíniú le dea-chleachtais i roinnt Ballstát).

Tríd is tríd, ba dhearfach an plé a rinneadh sa mheitheal maidir le soláthar na héifeachtúlachta fuinnimh. Tá tuiscint ann ar na buntáistí a bhaineann leis na hiniúchtaí fuinnimh atá molta, cé go mbeidh sé dúshlánach do na Ballstáit cloí leis na hamchláir. Tá roinnt ábhair inní ann go bhféadfadh sé a bheith deacair na spriocanna neodrachta fuinnimh atá beartaithe a chomhcheangal leis na ceanglais nua maidir le baint nítrigine agus cóireáil cheathartha mar gheall ar an bhfuinnimh is gá a úsáid le haghaidh cóireáil den sórt sin. Chomh maith leis sin, tá roinnt amhras ann maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart neodracht fuinnimh a theorannú d'earnáil an fhuíolluisce uirbigh, nó a chur chun feidhme laistigh de chóras táirgthe comhtháite níos leithne.

Ceisteanna ar na hairí

Chun treoir a thabhairt maidir leis an obair bhreise a dhéanfaidh an Mheitheal um an gComhshaol, iarrtar ar na hAirí tuairimí a mhalartú maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

- 1. Cad a mheasfá a bheith ina leibhéal iomchuí uaillmhéine bunaithe ar an togra chun aghaidh a thabhairt ar na foinsí truaillithe uirbigh atá fágtha?*
- 2. An measann tú gur cuí scéim um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chur san áireamh agus spriocanna maidir le neodracht fuinnimh a chur san áireamh sa treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh?*